campa spraoi

i Naíolann na nOileán

Luan–Aoine, 10rn–2in

1ú - 5ú Iúil
8ú - 12ú Iúil
15ú - 19ú Iúil
22ú - 26ú Iúil

Táille €30 an campa

péinteáil
ceardaíocht
siúlóidí nádúrtha
ceol agus cócaireacht
spraoi faoin aer

Aois ghrúpa: ó 4 - 6 bl.

Uasmhéid 15 gasúr ar gach campa

Cuir do ait in áirithe go luath

Tuilleadh eolais ó Mairín ag 091 551599

Naíolann na nOileán, Muintearas, Tír an Fhia, Leitir Móir, Co na Gaillimhe.

Fón: (091) 551599 • Faics: (091) 551277

R-phost: muintearas@muintearas.com • Idirlíon: www.muintearas.com

Campaí Spraoi 2013

Cén campa? ☐ 1 - 5ú Iúil ☐ 8 - 12ú Iúil ☐ 15 - 19ú Iúil ☐ 22- 26ú Iúil

Ainm agus sloinne an pháiste:

Seoladh:

.....

.....

.....

Uimhir ghutháin:

Dáta breithe:

An bhfuil tinneas ar bith ar an bpáiste, nó an bhfuil sé/sí faoi chúram dochtúra faoi láthair?

Tá ☐ Níl ☐

Mínigh, le do thoil:.....

.....

.....

Cód teanga agus iompair an champa:

Cód teanga

Tá fóirdheonú atá ar fáil ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (faoi Scéim na gCampaí Samhraidh) agus atá iarrtha i leith an champa seo ag brath ar an gcampa a bheith rite go hiomlán trí Ghaeilge ó thús go deireadh. Cialaíonn sé sin go gcaithfidh Gaeilge líofa a bheith ag gach páiste a dhéanann freastal air, agus go bhfuil cód teanga agus iompair i bhfeidhm go gníomhach sa champa a bhfuil sé mar aidhm aige a chinntiú go mbíonn gach deis ag páistí chun an Ghaeilge atá acu a threisiú tuilleadh. Chuige sin táimid ag súil go labhróidh gach páiste Gaeilge go leanúnach i rith an champa, agus a cinnteofar go gcuirfear an cód teanga i bhfeidhm go gníomhach. I measc na mbeartais a bheidh sa chód, dírítear d'aird ar an méid seo a leanas:

Is feidir páiste a chur abhaile ar an bpointe gan aon aisíocaíocht ar tháille an champa má labhraíonn sé/sí i dteanga eile seachas Gaeilge. Glactar leis má labhrann an páiste i mBéarla gur údar é sin don pháiste é féin a dhíbirt ón gcampa láithreach. Is ag Stiúrthóir an Champa a bheidh an bhreith dheireanach i ngach cás díbeartha, de bharr teanga eile a bheith á labhairt nó rialacha smachta a bheith á mbriseadh.

Cód iompair

- Cuirfear abhaile aon pháiste a chuireann as go mór don champa nó a dhiúltaíonn glacadh le gnáth-dhisciplín.
- Cuirfear abhaile aon pháiste a mbeidh bulaíocht ar siúl aige/aici nó a bhagraíonn foréigean ar pháiste eile nó ar bhall den fhoireann.
- Cuirfear abhaile aon pháiste a fhágann limistéar an champa gan cead a bheith faighte aige/aici.

Dearbhaím go bhfuil an cód teanga agus iompar thuasluaite léite agam agus go bhfuilim sásta glacadh leis:

Siniú an Tuismitheora / Chaomhnóra:

Ríomhphost: